

# Acmhainní Foghlama agus Tacaíochta don Mhac Léinn



An Mheitheal um Theagasc  
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

# Foclóirí agus Áiseanna Téarmaíochta

## Foclóirí ar líne

### An Foclóir Beag

Seo foclóir simplí i nGaeilge amháin i bhfoirm inneall cuardaigh. Tá mórán eolais faoin ngramadach ann – díochlaonta na n-ainmfhocal agus foirmeacha uile an bhriathair san áireamh. Má chuireann tú briathar isteach san áis chuardaigh feicfidh tú litriú an bhriathair sin i ngach aimsir – tá seo áisiúil mura bhfuil tú cinnte conas briathar a litriú in aimsir ar leith. Tá sé úsáideach do mhic léinn ag gach leibhéal cumais.

Tá an suíomh á riar ag Ollscoil Luimnigh.

Ar fáil ag: <http://www.csis.ul.ie/focloir/>

### Irish Dictionary Online

Foclóir simplí Béarla-Gaeilge / Gaeilge-Béarla atá sa suíomh seo. Tugtar frásaí samplacha do gach ceannfhocal, chomh maith le foirmeacha uile an bhriathair. Tá sé úsáideach do mhic léinn ag gach leibhéal cumais.

Tá an suíomh á riar go príobháideach.

Ar fáil ag: <http://www.irishdictionary.ie/home>

### Foclóir Gaeilge

Foclóir an-teoranta Gaeilge-Béarla / Béarla-Gaeilge.

Ar fáil ag: <http://www.focloirgaeilge.ie/>

### Foclóir an Duinnínigh

Is féidir ceanteidil ó fhoclóir Uí Dhuinnín a lorg sa leagan digiteach seo den fhoclóir stairiúil. Úsáideach do mhic léinn ag ardeibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://glg.csisdmsz.ul.ie/fgb/iomhanna/index.php?menu>

## Foclóirí Clóite

### Foclóir Gaeilge-Béarla (Ó Dónaill)

Cé gur foilsíodh an foclóir seo i 1977, is é FGB an foclóir is údarásaí dá bhfuil ann. Is áis thábhachtach an foclóir do mhic léinn Gaeilge ar an tríú leibhéal. Tugtar samplaí d'úsáid gach ceannfhocail in abairtí, chomh maith le heolas faoi ghramadach na bhfocal. Tá leagan digiteach den fhoclóir ar fáil (*WinGléacht*) inar féidir focail Ghaeilge agus focail Bhéarla a lorg agus ina dtugtar gach eolas gramadúil faoi na ceannfhocail. Is i mBéarla atá giorrúcháin an fhoclóra (*m* le haghaidh *masculine*, *f* le haghaidh *feminine*).

### **English-Irish Dictionary**

Tá an EID (1959) níos sine ná FGB ach fós féin an-áisiúil don mhac léinn Gaeilge ar an tríú leibhéal. Tugtar leagan Gaeilge na mbriathra i bhfoirm an chéad phearsa uatha, aimsir láithreach. Tugtar samplaí d'úsáid gach ceannfhocail in abairtí, chomh maith le heolas gramadúil faoin bhfocal. Is i mBéarla atá giorrúcháin an fhoclóra (*m* le haghaidh *masculine*, *f* le haghaidh *feminine*).

### **Foclóir Gaeilge agus Béarla (Patrick S. Dinneen)**

Foclóir Gaeilge-Béarla a bhfuil an seanlitriú neamhchaighdeánaithe ann. An-úsáideach má ta tú ag léamh téacsanna litríochta.

### **Sainfhoclóirí**

Tá sraith sainfhoclóirí foilsithe ag an nGúm ar na hábhair seo a leanas: ceol; ainmneacha plandaí agus ainmmhithe; eacnamaíocht bhaile; fiseolaíocht agus sláinteachas; tíreolaíocht agus pleanáil; bitheolaíocht; déiríocht; talmhaíocht; eolaíocht; an córas modúlach; staidéar gnó; ríomhaireacht; ceirdeanna; teicneolaíocht; litríocht agus critic. Tá na téarmaí sna foclóirí seo ar an suíomh [www.focal.ie](http://www.focal.ie) chomh maith.

Bheadh na foclóirí seo a leanas áisiúil don mhac léinn atá ag gabháil do chúrsaí Gaeilge:

*An Foclóir Litríochta agus Critice* – áisiúil má ta tú ag déanamh aiste / léirmheas.

*Foclóir Fiontar* – áisiúil dóibh siúd atá ag déanamh cúrsaí gnó agus Gaeilge srl.

### **Focal - Áis Téarmaíochta**

Is bunachar náisiúnta téarmaíochta don Ghaeilge é [www.focal.ie](http://www.focal.ie). Is féidir téarmaí i mBéarla nó i nGaeilge a chuardach go héifeachtach. Tugtar brí na dtéarmaí sa teanga eile, chomh maith le téarmaí gaolmhara agus samplaí den téarma in úsáid. Tugtar eolas faoi ghramadach gach téarma. Tá Cúrsa Scileanna Foclóra ar fáil ar an suíomh chomh maith – rud a bheadh úsáideach má tá tú idir dhá chomhairle faoi conas an t-eolas i bhfoclóir a thuiscint (treoracha úsáide agus ceachtanna cuardaigh). Is féidir téarmaí oifigiúla nua nach bhfuil ar fáil sna foclóirí *Foclóir Gaeilge-Béarla* nó *English-Irish Dictionary* a fháil ar an suíomh seo agus déantar téarmaí nua a ionchur go rialta. Tá an suíomh oiriúnach do mhic léinn ag gach leibhéal cumais.

Tá an suíomh á riar ag Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhar leis an gCoiste Téarmaíochta, Foras na Gaeilge.

Ar fáil ag: <http://www.focal.ie/>

## **Acmhainní úsáideacha eile**

### **Acmhainn**

Foinsí eolais d'aistritheoirí Gaeilge is ea [www.acmhainn.ie](http://www.acmhainn.ie). Cuirtear nuacht ar fáil faoi na forbairtí is nua in earnáil an aistriúcháin. Tá leagan leictreonach de na leabhair *Lorg an Bhéarla* agus *Gàidhlig agus Gaeilge* le Seán Mac Maoláin sa rannóg *Athchló* chomh maith. Tá liostaí téarmaíochta ar fáil agus iad rangaithe de réir ábhair. Tá eolas ar an suíomh maidir le clárú leis an bhFóram Ríomhphoist de chuid Acmhainn – fóram inar féidir le baill (aistritheoirí gairmiúla den chuid is mó) moltaí a fháil óna chéile maidir le haistriú téarmaí agus frásaí. Tá moltaí ón gCoiste Téarmaíochta i dtaobh an tséimhite ar fáil chomh maith. Más ag lorg téarmaí nua atá tú is fearr a d'oirfeadh [www.focal.ie](http://www.focal.ie) mar go ndéantar téarmaí nua a ionchur níos rialta ar an suíomh sin seachas ar acmhainn. Tá an fóram oiriúnach do mhic léinn ag ardleibhéal cumais, agus na liostaí téarmaíochta oiriúnach do mhic léinn ag gach leibhéal cumais. Tá an suíomh á riar ag an gcomhlacht aistriúcháin Traslán i gcomhar leis an gCoiste Téarmaíochta, Foras na Gaeilge.

Ar fáil ag: <http://www.acmhainn.ie/>

### **Logainm - Bunachar Logainmneacha na hÉireann**

Bunachar de cheartfhoirmeacha na logainmneacha atá sa suíomh seo. Soláthraítear comhad fuaimne d'fhuaimniú na logainmneacha is tábhachtaí, chomh maith le nótaí eolais i dtaobh stair agus dhíorthú gach logainm. Tá sé oiriúnach do mhic léinn ag gach leibhéal cumais.

Tá an suíomh á riar ag Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhar leis an gCoiste Logainmneacha agus leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Ar fáil ag: <http://www.logainm.ie/>

### **Ciste Cúrsaí Reatha, Jim O'Donnell agus Seán de Fréine**

Seo leagan Gaeilge den leabhar *Wordgloss*. Tá cur síos ann ar choincheapa a bhaineann leis an earnáil phoiblí – feimineachas, polaitíocht, stair, cúrsaí reatha, fealsúnacht. Áisiúil má tá tú ag déanamh taighde d'aiste.

### **Gaoth an Fhocail, Foclóir Analagóch, Breandán Ó Doibhlin**

Cineál teasárais atá anseo agus tá sé áisiúil má tá tú ag iarraidh cur le do stór focal.

# **Acmhainní Gramadaí**

## **Cruinnscriobh na Gaeilge - Ciarán Mac Murchaidh**

Tá an graiméar seo dírithe ar an mac léinn tríú leibhéal. I ngach aonad tugtar buneolas faoi rialacha gramadaí agus tá cleachtaí gramadaí ag deireadh gach aonaid. Cé nach gá cloí le hord na n-aonad, is gá aonaid áirithe a dhéanamh roimh chinn eile, Aonad a hAon go háirithe. Tá leagan digiteach de na cleachtaí agus a bhfreagraí á fhorbairt faoi láthair.

## **Gramadach Gan Stró - Éamonn Ó Dónaill**

Cuirtear na rialacha gramadaí i láthair ar bhealach sothuigte sa ghraiméar seo, cuirtear cleachtaí ar fáil i ngach aonad agus tá na freagraí ar fáil ar chúl an leabhair.

## **Leabhar Gramadaí Gaeilge - Nollaig Mac Congáil**

Mínítear na rialacha gramadaí go han-ghonta sa ghraiméar seo agus tugtar neart samplaí de na rialacha. Níl cleachtaí ná freagraí sa leabhar.

## **Irish Grammar Book - Nollaig Mac Congáil**

Aistriúchán go Béarla ar an ngraiméar Gaeilge *Leabhar Gramadaí Gaeilge*. An-úsáideach don mhac léinn a bhfuil cleachtadh aige / aici ar na téarmaí gramadaí i mBéarla.

## **Úrchúrsa Gaeilge - Dónall Ó Baoill**

Baintear an-úsáid as an leabhar seo i gcúrsaí tríú leibhéal mar leabhar teagaisc ranga, cé go bhféadfadh an foghlaimeoir neamhspleách tairbhe a bhaint as chomh maith. Cuirtear neart cleachtaí ar fáil agus tá a bhfreagraí ar fáil i bhfoirm leabhráin aonair. Má leantar ord an leabhair, cabhraíonn na haonaid 'dul siar' go mór leis na rialacha a shealbhú agus a choinneáil.

## **Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí**

Cé go bhfuil an leagan clóite as cló faoi láthair, is féidir teacht ar leagan leictreonach saor in aisce ón seoladh gréasáin thíos. Leabhar cuimsitheach is ea é, ach é dírithe ar an té a bhfuil caighdeán ard aige/aici. Níl aon chleachtaí ann. Tá córas maith crostagartha i bhfeidhm.

Leagan leictreonach ar fáil ag:

[http://ec.europa.eu/translation/language\\_aids/irish\\_en.htm](http://ec.europa.eu/translation/language_aids/irish_en.htm)

## **Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge - An Caighdeán Oifigiúil**

Cé go bhfuil sé i gceist *An Caighdeán Oifigiúil* a thabhairt chun dáta in 2009/2010, is fiú Caighdeán 1958 a bheith ag an mac léinn chomh maith. Is féidir leagan leictreonach a íoslódáil saor in aisce ón seoladh gréasáin thíos. Is leabhar maith tagartha é. Níl aon chleachtaí ann agus ní graiméar teagaisc ranga é.

Leagan leictreonach ar fáil ag:

[http://ec.europa.eu/translation/language\\_aids/irish\\_en.htm](http://ec.europa.eu/translation/language_aids/irish_en.htm)

## **Coimisiún na hEorpa - Áiseanna Teanga**

Soláthraítear naisc anseo chuig áiseanna gramadaí agus áiseanna aistriúcháin eile ar líne, san áireamh leagan leictreonach de na leabhair *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* agus *An Caighdeán Oifigiúil*, chomh maith le treoracha agus moltaí ón gCoiste Téarmaíochta agus foinsí údarásacha eile.

Ar fáil ag: [http://ec.europa.eu/translation/language\\_aids/irish\\_en.htm](http://ec.europa.eu/translation/language_aids/irish_en.htm)

## **CAPAILL (Computer-Assisted Practice Activities for Irish Language Learners)**

Cleachtaí gramadaí ríomhchuidithe atá anseo i.e. deis don fhoghlaimoir cleachtaí gramadaí a dhéanamh ar líne agus aiseolas a fháil ar an bpointe. Mínítear na rialacha gramadaí ag tús gach cleachtaidh agus tugtar leideanna ar bhrú cnaipe. Ceartaítear na cleachtaí go huathoibríoch. Is áis mhaith fhéinfhoghlama í, go háirithe don mhac léinn ar mhian leis/léi feabhas a chur ar a c(h)uid gramadaí.

Tá an suíomh á riar ag Ionad na Gaeilge agus an Léinn Cheiltigh, Ollscoil Uladh.

Ar fáil ag: <http://www.llas.ac.uk/materialsbank/mb049/>

## **Abair Leat**

Cúrsa tarraingteach idirghníomhach ar líne é seo. Tá cleachtaí labhartha, cleachtaí agus cluichí gramadaí agus cleachtaí stór focal ann. Tá an suíomh seo oiriúnach do mhac léinn ó bhunleibhéal go meánleibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.lurgan.biz/art/index.htm>

## **Cruinneas na Gaeilge - Córacha ar Dorú**

Tá nótaí gramadaí faoi dhíochlaontaí na n-ainmfhocal, an t-alt agus an tuiséal tabharthach ar fáil ar an suíomh seo. Tá naisc ann chuig nótaí gramadaí ar shuímh eile – na haimsirí, na forainmneacha réamhfhoclacha agus gnéithe eile de ghramadach na Gaeilge.

Tá an suíomh á riar ag Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ar fáil ag: <http://www.ucc.ie/acad/mi/cursai/gramadachnua/>

## Acmhainní Teagaisc / Foghlama

### VIFAX

Cleachtaí tuisceana atá anseo bunaithe ar mhíreanna as Nuacht TG4 ag trí leibhéal éagsúla (bunleibhéal, meánleibhéal, ardleibhéal). Tá níos mó ná 140 cleachtadh ar fáil ag gach leibhéal. Cuirtear físeán den mhír nuachta ar fáil, chomh maith le téacs ina bhfuil cleachtaí, freagraí agus treoracha. Is féidir an téacs a íoslódáil agus a phriontáil. Is féidir *vifax* a úsáid mar chleachtadh ranga nó mar áis fhéinteagaisc. Tá sé an-áisiúil don mhac léinn atá ag iarraidh a bheith ag obair go neamhspleách – is féidir féachaint ar an mír nuachta ar líne, na cleachtaí a dhéanamh, na freagraí a sheiceáil agus míniúchán a fháil ar roinnt de na pointí gramadaí atá sna cleachtaí. Tá an suíomh seo oiriúnach do mhic léinn ó mheánleibhéal go hardleibhéal cumais.

Tá an suíomh á riar ag Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

Ar fáil ag: <http://www.nuim.ie/language/vifax/index.shtml>

### Teastas Eorpach na Gaeilge

Tá gach eolas ar fáil anseo faoi scrúduithe Theastas Eorpach na Gaeilge: siollabas, ábhair scrúdaithe, nótaí ranga agus comhaid fuaimne do chleachtaí cluastuisceana, chomh maith le naisc chuig neart suíomh eile. Bheadh cuid d'ábhar na gcúrsaí B1 agus B2 oiriúnach do mhic léinn ag an meánleibhéal. Cuirtear cleachtaí ranga, treoracha ranga agus freagraí na gcleachtaí ar fáil.

Ar fáil ag: <http://www.teg.ie/>

### Speaking Irish

Leabhar agus DVD atá i gceist leis an bpacáiste seo, chomh maith le gníomhaíochtaí breise ranga ar fáil ón nasc thíos. Is áis mhaith fhoghlama agus fhéinteagaisc é *Speaking Irish* don mhac léinn ag meánleibhéal agus ardleibhéal cumais. Tá an pacáiste dírithe ar theanga labhartha na Gaeltachta agus chabhródh sé go mór le mic léinn ar mhian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Soláthraítear scrípteanna na n-agallamh (os cionn 40 agallamh) agus cuirtear nótaí gramadaí ar fáil maidir le nósanna gramadaí na gcanúintí agus na gcainteoirí dúchais.

Tá an leabhar agus an DVD *Speaking Irish* an-áisiúil iontu féin ach is é atá sa suíomh gréasáin ná áis tacaíochta don leabhar agus don DVD. San áireamh tá 20 gníomhaíocht ranga bunaithe ar agallamh amháin ó gach aonad sa leabhar, comhairle don mhúinteoir faoi úsáid na mbileog, agus freagraí na gcleachtaí as an leabhar – iad ar fad i bhfoirm comhad .pdf ar féidir a íoslódáil agus a phriontáil. Tá *Speaking Irish* oiriúnach do mhic léinn ag meánleibhéal agus ardleibhéal.

Ar fáil ag: <http://www.mhprofessional.com/product.php?cat=114&isbn=0071475621>



## **Turas Teanga**

San áireamh sa phacáiste seo tá leabhar, dlúthdhioscaí agus DVD, chomh maith le foshuíomh áiseanna ag an seoladh gréasáin thíos. Is pacáiste maith, spreagúil é seo do mhic léinn ó bhunleibhéal go meánleibhéal cumais. Mínítear pointí gramadaí i gcomhthéacs na n-ábhar agus seachnaítear téarmaí casta gramadaí.

Ar fáil ag: [http://www.rte.ie/tv/turas\\_teanga/](http://www.rte.ie/tv/turas_teanga/)

## **Teach Yourself Irish**

Pacáiste do thosaitheoirí atá in *Teach Yourself Irish*, agus tá leabhar agus dlúthdhiosca san áireamh. D'oirfeadh sé do mhic léinn ag bunleibhéal cumais. Cuirtear go leor frásaí ar fáil sa leabhar ach ní ar an ngramadach atá sé dírithe.

## **Now You're Talking**

Tá leabhar agus caiséid san áireamh sa phacáiste seo. Bunaíodh an cúrsa ar chlár theilifíse ar RTÉ agus BBC ach is féidir tairbhe a bhaint as an gcúrsa gan na clár theilifíse. Is pacáiste é seo do ghlangosaitheoirí agus dóibh siúd a bhfuil beagán Gaeilge acu. Tá an pacáiste áisiúil mar áis fhéinteagaisc agus tá nótaí ag deireadh an leabhair faoi ghramadach na Gaeilge.

## **Gaeilge agus Fáilte**

Is pacáiste é seo atá dírithe ar an nglan-tosaitheoir. Tá sé dírithe ar an bhfoghlaimeoir neamhspleách agus ar an seomra ranga. Tá nótaí eolais ann faoi chultúr na Gaeilge.

## **Abair.ie - Ríomhchainteoir**

Córas chun téacs a thiontú isteach ina urlabhra. Gaeilge Uladh amháin atá ar fáil faoi láthair ach cuirfear canúintí eile ar fáil amach anseo. Cabhair mhaith le haghaidh foghraíochta agus fuaimnithe.

Ar fáil ag: <http://www.abair.tcd.ie/>

## **Discover Irish**

Eolas an-úsáideach (i mBéarla) faoi ghnéithe éagsúla den Ghaeilge, ar nós stair na teanga, sochtheangeolaíocht agus teangeolaíocht, eolas ar na teangacha Ceilteacha eile, ar an Ogham agus Luath-Ghaeilge, an Nua-Ghaeilge, na canúintí, gluais de théarmaí coitianta. Tá sé oiriúnach do mhic léinn ag gach leibhéal cumais. Tá an suíomh á riar ag Raymond Hickey, Universität Duisburg-Essen.

Ar fáil ag: <http://www.uni-due.de/DI>

## Na Meáin Chumarsáide

### Foinse

Tá deireadh tagtha leis an nuachtán seachtainiúil *Foinse* ach tá an suíomh gréasáin fós beo. Tá sraith fis-phodchraoltaí ar an suíomh agus is féidir iad a íoslódáil ar bhrú cnaipe. Tá podchraoladh ann faoi choláistí samhraidh i gConamara agus faoi eachtrannaigh ag foghlaim Gaeilge, mar shampla. Tá an foshuíomh Béaltriall ar fáil ar an suíomh chomh maith, 25 físeán de threoracha agus moltaí maidir le béaltriall na hArdteistiméireachta ar shíntiús €20 in aghaidh na bliana. Tá an suíomh seo oiriúnach d'fhoghlaimoirí ó bhunleibhéal go hardleibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.foinse.ie/baile.php>

Is féidir teacht ar phodchraoltaí fise Foinse ag:  
<http://www.youtube.com/user/SeanFoinse>

### Beo

Is iris ar líne amháin í Beo agus foilsítear í ar an gcéad lá den mhí. Faightear inti agallaimh agus ailt ar chúrsaí reatha, spóirt, na healaíona, cúrsaí teicneolaíochta, agus taisteal. Buntáiste a bhaineann le [www.beo.ie](http://www.beo.ie) ná má tá tú ag léamh ailt agus nach dtuigeann tú focal ní gá duit ach an luchóg a chur in aice an fhocail sin agus feicfidh tú an t-aistriúchán Béarla. Cuirtear gluais chuimsitheach le gach alt chomh maith. Tá an suíomh seo oiriúnach do mhic léinn ó mheánleibhéal go hardleibhéal cumais. Tá an iris á foilsiú ag Oideas Gael agus tá Seosamh Mac Muirí ina eagarthóir.

Ar fáil ag: <http://www.beo.ie/>

### Nós

Is iris mhíosúil í seo atá dírithe ar an aoisghrúpa 18-35. Clúdaítear cúrsaí ceoil, scannán, teilifíse, teicneolaíochta, spóirt, cúrsaí reatha, litríochta, taistil, agus stíle agus beatha. Foilsítear ailt ón eagrán clóite ar an suíomh gréasáin mí amháin tar éis fhoilsiú an eagráin chlóite. Tá cartlann físeán ann chomh maith. Tá an iris seo oiriúnach d'fhoghlaimoirí ó mheánleibhéal go hardleibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.nosmag.com/>

### Lá Nua

Cartlann alt atá ar an suíomh seo. Tá ailt ón nuachtán ann ó Mheitheamh 2007 go Nollaig 2008, iad ar fad i bhfoirm eagrán chlóite dhigitigh. Tá cartlann theoranta físeán agus podchraoltaí ann ó Shamhain 2007 go Deireadh Fómhair 2008. Tá cartlann de thaifeadtaí agus de thrascríbhinní de chainteoirí dúchais Gaeilge ar fáil freisin, tionscadal a rinneadh i gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann. Gaeilge

Uladh den chuid is mó atá in úsáid. Tá an suíomh seo oiriúnach d'fhoghlaimoirí ó bhunleibhéal go hardleibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.nuacht.com/>

### **Comhar**

Is iris liteartha, critice agus cúrsaí reatha í Comhar agus bíonn ailt inti ó scríbhneoirí éagsúla – ina measc Gabriel Rosenstock, Seán Tadhg Ó Gairbhí, Fionntán de Brún. Tá an iris oiriúnach do mhic léinn ó mheánleibhéal go hardleibhéal cumais.

Tá clár na n-irisí ar fáil ar an suíomh seo – ní féidir an iris féin a léamh ar líne go fóill.

Ar fáil ag: <http://comhar.blogspot.com/>

### **Feasta**

Is iris mhíosúil a phléann le cúrsaí reatha, liteartha agus eolaíochta í Feasta. Ar an suíomh gréasáin tá cartlann de rogha alt ón iris. Tá eolas ar fáil ar an suíomh faoi stair na hirise chomh maith. Tá an iris oiriúnach do mhic léinn ag ardleibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.feasta.ie/>

### **The Irish Times - An Teanga Bheo**

Gach Céadaoin san *Irish Times*, foilsítear ailt faoi chúrsaí Gaeilge, litríochta, ealaíne agus eile. Tá na hailt seo oiriúnach do mhic léinn ó mheánleibhéal go hardleibhéal cumais. Is féidir na hailt a léamh ar an suíomh gréasáin chomh maith.

Ar fáil ag: <http://www.irishtimes.com/anteangabheo/>

### **The Irish News - An tEolas**

Foilsítear ailt ar an suíomh seo faoi chúrsaí Gaeilge, litríochta, ealaíona agus spóirt, chomh maith le hailt dhátheangacha atá oiriúnach d'fhoghlaimoirí ag bunleibhéal cumais. Tá na hailt oiriúnach do mhic léinn ó bhunleibhéal go hardleibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.irishnews.com/index.asp?catid=5794>

### **Nuacht 24: Seirbhís Nuachta Dhigiteach Ghaeilge**

Foilseofar ailt, físeáin nuachta, agus tuairimí ar an suíomh seo go laethúil ón bhfómhar 2009. Nuacht náisiúnta agus idirnáisiúnta, spórt, gnó, Gaeilge, agus na healaíona a bheidh i gceist. Gaeilge Uladh den chuid is mó a bheidh in úsáid. Tá an suíomh oiriúnach d'fhoghlaimoirí ag gach leibhéal cumais.

Is iad Eoghan Ó Néill (iar-iriseoir le Lá) agus Tomáí Ó Conghaile (iriseoir BBC agus nós\*) riarthóirí agus iriseoirí na seirbhíse.

Ar fáil ag: <http://www.nuacht24.com/>

## **Na Meáin Chraolta**

### **TG4**

Tá neart eolais ar shuíomh an stáisiúin faoin stáisiún féin agus a chúlra, clársceideal na seachtaine, agus eolas faoi chlár éagsúla. Tá an suíomh oiriúnach do mhic léinn ag gach leibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.tg4.ie/>

Is féidir breathnú ar an stáisiún beo ón bhfoshuíomh seo, chomh maith le féachaint ar chlár ón gcartlann. Tá an chartlann an-áisiúil más mian leat féachaint ar chlár atá cailte agat. Tá gá le ceangal leathanbhanda leis an bhfoshuíomh a úsáid. Tá na clár oiriúnach do mhic léinn ag gach leibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.tg4.tv/>

### **RTÉ Raidió na Gaeltachta**

Tá eolas faoin stáisiún agus a stair, an clársceideal, agus eolas faoi na clár ar fáil ar an suíomh seo. An tseirbhís is áisiúla, áfach, ná an tseirbhís phodchraoltaí atá ar an suíomh. Tá níos mó ná 30 clár éagsúla ó mhí Feabhra 2008 ar fáil, chomh maith le sraitheanna speisialta agus sraitheanna ar tháinig deireadh leo. Tá na podchraoltaí oiriúnach do mhic léinn ó mheánleibhéal go hardleibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.rte.ie/rnag/> agus <http://www.rte.ie/radio/podcast/rnag.html>

### **Raidió Rí-Rá**

Is féidir éisteacht le Raidió Rí-Rá beo ón suíomh seo. Tá eolas ar fáil faoin stáisiún, chomh maith le scrípteanna na míre PopNuacht. Tá an suíomh oiriúnach d'fhoghlaimeoirí ó bhunleibhéal cumais ar aghaidh.

Ar fáil ag: [www.rira.ie](http://www.rira.ie)

### **Raidió na Life**

Is féidir éisteacht le Raidió na Life beo ón suíomh seo, chomh maith le podchraoltaí (fuaime) a íoslódáil. Tá eolas ar fáil ar an suíomh faoin stáisiún, faoi na clár, agus faoin bhfoireann. Tá podchraoladh ar an suíomh den tsraith clár a rinne an stáisiún ar

fhilíocht na hArdteistiméireachta – tá dánta agus filí éagsúla á bplé ag painéal daoine. Tá an suíomh seo oiriúnach d'fhoghlaimoirí ó bhunleibhéal cumais ar aghaidh.

Ar fáil ag: <http://www.rnl106.com/>

### **Raidió Fáilte**

Is féidir éisteacht le Raidió Fáilte (Béal Feirste) beo ón suíomh seo. Tá cartlann podchraoltaí beartaithe don stáisiún amach anseo. Tá an suíomh oiriúnach d'fhoghlaimoirí ó bhunleibhéal go hardleibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.raidiofailte.com/>

### **BBC – Irish**

Eolas faoi chlár an BBC ar an teilifís, ar an raidió agus ar an ngréasán atá anseo. Is suíomh lán le hait, fiseáin agus podchraoltaí fuaimne é agus tá ábhar ann faoi chúrsaí ealaíne, oideachais, siamsaíochta, Gaeilge, dúlra, eolaíochta, teicneolaíochta, spóirt, taistil. Tá an suíomh oiriúnach do mhic léinn ag gach leibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.bbc.co.uk/irish/>

### **Blaganna**

Tá roinnt blaganna ar fáil i nGaeilge, ina measc an ceann seo a leanas:

#### **Garraí Johnny Mhorgan**

Blag an amhránaí/scríbhneora Tadhg Mac Dhonnagáin faoi chúrsaí cruthaitheachta, ealaíne, pearsanta agus Gaeilge. Tá an suíomh seo oiriúnach d'fhoghlaimoirí ó mheánleibhéal go hardleibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://garraijohnnymhorgan.blogspot.com/>

## **Acmhainní Tacaíochta do Chúrsaí Litríochta**

### **CELT - Corpus of Electronic Texts**

Cartlann de níos mó ná 1,000 téacs (os cionn 450 i nGaeilge) ar litríocht, stair, agus polaitíocht na hÉireann. Tá córas simplí cuardaigh ar an suíomh.

Ar fáil ag: <http://www.ucc.ie/celt/>

### **eDIL - Electronic Dictionary of the Irish Language**

Leagan leictreonach den *Dictionary of the Irish Language* de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann. Is ar théacsanna Sean-Ghaeilge agus Meán-Ghaeilge atá an foclóir bunaithe. Is féidir focal Gaeilge nó Béarla a chuardach. Tá eolas gramadaí ar fáil chomh maith.

Ar fáil ag: <http://www.dil.ie/>

### **Irish Script on Screen - Meamram Páipéar Ríomhaire**

Cartlann dhigiteach de lámhscríbhinní ó Acadamh Ríoga na hÉireann, Coláiste na Tríonóide, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is féidir féachaint ar na lámhscríbhinní i bhfoirm íomhá d'ardchaighdeán ar an scáileán.

Ar fáil ag: <http://www.isos.dias.ie/>

### **Lexicelt**

Foclóir Breatnais-Gaeilge / Gaeilge-Breatnais, frásaí Breatnaise agus Gaeilge agus gramadach na Breatnaise. Téann comhaid fuaime leis na frásaí chun a chur ar do chumas na frásaí Breatnaise agus Gaeilge a chloisteáil.

Ar fáil ag: <http://www.lexicelt.org/gaeilge.html>

### **Geiriadur ar-lein**

Foclóir Breatnais-Béarla / Béarla-Breatnais ar líne. Is foclóir é seo atá éasca le húsáid don mhac léinn Breatnaise.

Ar fáil ag: <http://www.geiriadur.net/>

## **Cois Life**

Is foilsitheoirí Gaeilge iad Cois Life. Tá eolas úsáideach ar an suíomh faoi scríbhneoirí Gaeilge – beathaisnéis, cúlra, saothar srl. Úsáideach don té atá ag déanamh staidéir ar an litríocht. Oiriúnach do mhic léinn ag gach leibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://coislife.ie/>

## **Scríbhneoirí Úra**

Seo blog atá ag Cumann Scríbhneoirí Úra na Gaeilge. Spéisiúil dóibh siúd a bhfuil spéis acu sa litríocht chomhaimseartha.

<http://scribhneoirioga.blogspot.com/>

# Eagraíochtaí Gaeilge

## **An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta**

Tá eolas ar an suíomh seo faoi pholasaí an Rialtais i leith na teanga agus na Gaeltachta, Acht na dTeangacha Oifigiúla, taighde teangeolaíoch, agus saincheisteanna Gaeltachta. Is féidir cáipéisí agus tuarascálacha faoin nGaeilge agus faoin nGaeltacht a fháil ar an suíomh seo i.e. ‘An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht’ agus ‘Acht na dTeangacha Oifigiúla’.

Ar fáil ag: <http://www.pobail.ie/>

## **Foras na Gaeilge**

Seo suíomh na háisíneachta stáit a bhfuil cúram chur chun cinn na Gaeilge uirthi. Tá eolaire cuimsitheach ar fáil ann faoi sheirbhísí Gaeilge agus eagraíochtaí Gaeilge, eolas faoi imeachtaí Gaeilge, ranganna agus áiseanna teagaisc, agus eolas d'aistritheoirí.

Ar fáil ag: <http://www.gaeilge.ie/>

## **Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge**

Seo suíomh eolais don Ghaeilge. Tá gearrthóga laethúla ann inar féidir scéalta faoin nGaeilge sna meáin a léamh, chomh maith le heolas faoin eagraíocht agus a cuid balleagraíochtaí, earnáil na Gaeilge, folúntais phoist, ranganna Gaeilge, agus áiseanna teicneolaíochta.

Foilsíonn an Chomhdháil nuachtlitir choicisiúil i bhfoirm ríomhphoist ina mbíonn an nuacht is déanaí ó earnáil na Gaeilge – fógraí poiblí, eolas faoi fholúntais phoist, foilseacháin nua, imeachtaí sóisialta agus cúrsaí mionteangacha i gcoitinne. Is féidir tú féin a chlárú chun an nuachtlitir a fháil ó Gaelport (i mBéarla, i nGaeilge nó go dátheangach). Nó, le cabhair Google Reader nó léitheoir RSS eile, is féidir ailt nua ar an suíomh a léamh a luaithe is a chuirtear ar fáil iad tríd an bhfotha nuachta <http://www.gaelport.com/xml/NewsRSS.aspx>

Chomh maith leis an nuachtlitir, is féidir tú féin a chlárú chun teachtaireacht ríomhphoist a fháil ón suíomh faoi mhíreanna nuachta atá sna meáin faoin nGaeilge. Tá seirbhísí éagsúla Gaelport oiriúnach do mhic léinn ó mheánleibhéal go hardleibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.gaelport.com/>



## **Conradh na Gaeilge**

Eolas faoi ghníomhaíochtaí uile an Chonartha – tá eolas ann faoina gcuid craobhacha, na feachtais stocaireachta is déanaí, eolas cuimsitheach faoi stair na heagraíochta, eolas faoi ranganna agus imeachtaí sóisialta.

Ar fáil ag: <http://www.cnag.ie/>

## **Gael Linn**

Tá an eagraíocht Gael Linn ann ó 1953 agus tá sé mar aidhm aici an Ghaeilge agus a hoidhreacht a chothú agus a chur chun cinn ar fud na hÉireann. Chomh maith le ranganna Gaeilge, eagraíonn Gael Linn a lán imeachtaí do dhaoine óga – díospóireachtaí, bréagchúirt, deireadh seachtaine cultúir srl. Tá acmhainní don fhoghlaim agus don mhúinteoir ar fáil ar an suíomh gréasáin agus tá siopa ceoil ar an suíomh chomh maith.

Ar fáil ag: <http://www.gael-linn.ie>

## **Seachtain na Gaeilge**

Tá gach eolas ar an suíomh seo faoi Sheachtain na Gaeilge. I measc an ábhair is féidir a íoslódáil tá na lámhleabhair éagsúla ina dtugtar eolas faoi conas ócáid a eagrú do Sheachtain na Gaeilge, chomh maith le ceisteanna agus freagraí samplacha do thráth na gceist do leibhéal éagsúla (ó dhaltáí bunscoile go dtí daoine fásta). Is féidir ábhar bolscaireachta (t-léinte, pinn, póstaeir agus giuirleídí beaga eile) a ordú ón suíomh chomh maith. Tá an suíomh seo oiriúnach do mhic léinn ag gach leibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.snag.ie/>

## **Údarás na Gaeltachta**

Tá an ghníomhaireacht stáit seo freagrach as forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta. Tá eolas ar an suíomh faoi obair an Údaráis agus eolas faoin nGaeltacht agus faoin nGaeilge i gcoitinne. Tá léarscáileanna úsáideacha de na Gaeltachtaí ar an suíomh, mar aon le heolas spéisiúil fúthu.

Ar fáil ag [www.udas.ie](http://www.udas.ie)

## **Oireachtas na Gaeilge**

Tá eolas anseo faoi fhéilte an Oireachtais. Tá cartlann físe agus fuaimne ann, ina bhfuil físeáin agus comhaid fhuaimne ó fhéilte an Oireachtais. Tá an suíomh seo oiriúnach do mhic léinn ó mheánleibhéal go hardleibhéal cumais agus dóibh siúd a bhfuil suim acu san amhránaíocht agus sa damhsa ar an sean-nós.

Ar fáil ag: <http://www.antoireachtas.ie/>

### **Fios Feasa**

Forbraíonn an comhlacht Fios Feasa dlúthdhioscaí agus bogearraí éagsúla i nGaeilge. Is iad a d'fhoilsigh an CDRom do pháistí 'Drochlá Ruairí'. Ar an suíomh gréasáin tá siopa agus bróisiúr digiteach a chuireann síos ar na bogearraí éagsúla a chuireann Fios Feasa ar fáil. Tá na bogearraí oiriúnach do dhaltáí bunscoile, meánscoile agus do dhaoine fásta. Ar an suíomh chomh maith tá ábhar is féidir a íoslódáil ar nós cur i láthair agus ailt faoi obair an chomhlachta. Tá an suíomh seo oiriúnach do mhic léinn ag gach leibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.fiosfeasa.com/>

### **Bord na Gaeilge, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath**

Tá Lámhleabhar Dátheangach Bhord na Gaeilge ar fáil ar an suíomh seo – tá eolas ann faoi shaol na Gaeilge, chomh maith le heolaire ina bhfuil sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí a luaitear sa lámhleabhar. Oiriúnach do mhic léinn ag gach leibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.ucd.ie/bnag/>

# Cúrsaí Oideachais

## **Gaelscoileanna**

Suíomh gréasáin na heagraíochta Gaelscoileanna, eagraíocht atá dírithe go háirithe ar mhúinteoirí Gaelscoile. Tá liosta de bhunscoileanna agus de mheánscoileanna lán-Ghaeilge na tíre ar fáil ar an suíomh seo agus eolas faoin tumoideachas agus faoi fhás na Gaelscolaíochta in Éirinn. Tá an suíomh seo oiriúnach d'ábhair oidí ag gach leibhéal cumais, go háirithe ó mheánleibhéal go hardleibhéal.

Ar fáil ag: <http://www.gaelscoileanna.ie/>

## **An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta – COGG**

Tá eolas ar an suíomh seo faoi chúrsaí oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, san áireamh tuarascálacha taighde agus treoirlínte, áiseanna don mhúinteoir Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, agus naisc chuig suímh ghréasáin faoi chúrsaí mionteangacha. Tá sé oiriúnach do mhic léinn ag ardleibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.cogg.ie/>

## **Curaclam ar Líne**

Tá curaclam na bunscoile le fáil ar an suíomh seo, an curaclam don Ghaeilge agus an curaclam do na hábhair scoile go léir. Tá an suíomh seo oiriúnach d'ábhair oidí ag gach leibhéal cumais, go háirithe ó mheánleibhéal go hardleibhéal.

Ar fáil ag: <http://www.curriculumonline.ie/ga/>

## **Comhar na Múinteoirí Gaeilge**

Tá neart eolais faoin eagraíocht agus a cuid imeachtaí ar an suíomh seo, agus is féidir acmhainní don seomra ranga a ordú tríd an suíomh chomh maith. Tá an suíomh seo oiriúnach d'ábhair oidí ag gach leibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.comhar.ie/>

## **Seomra Ranga**

Ar an suíomh seo tá áiseanna ranga ar féidir leis an múinteoir bunscoile iad a íoslódáil, a phriontáil agus chóipeáil saor in aisce. Múinteoirí bunscoile a chuir na háiseanna ar fáil ach is le Seomra Ranga an cóipcheart. Tá an suíomh oiriúnach d'ábhair oidí ag gach leibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://www.seomraranga.com/gaeilge.htm>

## **An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge**

Ar an suíomh seo tá eolas faoi chúrsaí do mhúinteoirí Gaeilge ar an dara leibhéal, acmhainní ranga agus naisc chuig áiseanna úsáideacha eile. Is seirbhís de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta í agus tá an suíomh oiriúnach d'ábhair oidí ag gach leibhéal cumais.

Ar fáil ag: <http://gaeilge.slss.ie/index.html>

## **Eile**

### **Gairmeacha le Gaeilge**

Lámhleabhar is ea ‘Gairmeacha le Gaeilge’ a fhoilsíonn *Graduate Careers Ireland*. Sa lámhleabhar seo tá eolas faoi chúrsaí tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge, chomh maith le cur síos ar dheiseanna fostaíochta dóibh siúd a bhfuil suim acu sa Ghaeilge.

Tá leagan idirlín ar fáil ag:

[http://gradireland.com/downloads/pdfs/SCG\\_irish\\_lang.pdf](http://gradireland.com/downloads/pdfs/SCG_irish_lang.pdf)